An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

# Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta don Rialálaí Carthanas don bhliain 2023

## Réamhrá

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí agus gach duine forordaithe tuarascáil bhliantúil chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus maidir leis an ngníomh a rinneadh ina leith (más ann). Ní ceadmhach daoine a rinne nochtadh a bheith in-sainaitheanta mar thoradh ar fhoilsiú na tuarascála sin.

Soláthróidh an Rialálaí Carthanas an tuarascáil sin faoin 1 Márta gach bliain, rud lena n-áireofar faisnéis i ndáil leis an mbliain féilire roimhe.

Foilseoidh an Rialálaí Carthanas an Tuarascáil Bhliantúil faoin 31 Márta gach bliain freisin.

## Beartas an Rialálaí Carthanas maidir le Nochtadh Cosanta

Tá Beartas reatha an Rialálaí Carthanas maidir le Nochtadh Cosanta ar fáil ar an leathanach tiomnaithe maidir le Nochtadh Cosanta ar an suíomh Gréasáin. Nuashonraítear leis an mBeartas sin an beartas roimhe, ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

## An Beartas a Chur Chun Feidhme

Chun tacú le cur chun feidhme an bheartais, cuirtear baill foirne ar an eolas faoin Líne Chabhrach 'Speak Up', ar féidir teacht uirthi trí ghlao a chur ar 1800 844 866 chun treoir neamhspleách a fháil maidir le conas ábhar imní a thuairisciú nó nochtadh cosanta a dhéanamh. Soláthraítear oiliúint bhliantúil do gach ball foirne.

## Ról an Rialálaí Carthanas mar 'dhuine forordaithe'

Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 367 de 2020, sainíodh Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas mar 'dhuine forordaithe' chun nochtaí a fháil maidir le héagóiritheoireachtaí iomchuí i leith gach ní a bhaineann le rialáil carthanas de bhun an Achta Carthanas 2009.

Is é an phríomhfhreagracht atá ar Phríomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas mar Dhuine Forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ná céannacht an Duine Tuairiscithe[1] a chosaint a mhéid is mó is féidir agus an fhaisnéis atá tugtha sa nochtadh a scrúdú de réir a ghnáthnósanna

[1] Is ionann Duine Tuairiscithe agus an duine a dhéanann an nochtadh cosanta ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú

imeachta le haghaidh a fheidhmeanna reachtúla a chur i gcrích.  Tá Beartas agus Nós Imeachta an Rialálaí Carthanas maidir le Nochtadh Cosanta Seachtrach – Bealaí Seachtracha Tuairiscithe ar fáil ar an leathanach tiomnaithe maidir le Nochtadh Cosanta ar an suíomh Gréasáin.

## Tábla - An Rialálaí Carthanas - Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta don Bhliain 2023

| **An Rialálaí Carthanas - Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta don Bhliain 2023** | **Inmheánach don Rialálaí Carthanas** | **Nochtadh Cosanta Seachtrach - An Rialálaí Carthanas mar 'dhuine forordaithe'** |
|---|---|---|
| Alt 22.1(a): an líon tuarascálacha a tugadh don Rialálaí Carthanas sa bhliain 2023 | Ceann ar bith | 17 |
| Alt 22.1(d): an líon tuarascálacha a tarchuireadh chuig an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2023<br><br>faoi ailt 7, 10B, 10C agus 10D; | Ceann ar bith | 6 |
| Alt 22.1(e): maidir le gach tuarascáil dá dtagraítear thuas, mar atá léirithe i míreanna (a) agus (d) thuas, cé acu a bhí nó nach raibh an éagóiritheoireacht iomchuí lena mbaineann ina sárú; | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| Alt 22.1(f): an líon imscrúduithe agus imeachtaí ar oscail an Rialálaí Carthanas nó an duine forordaithe iad i ndáil leis na héagóiritheoireachtaí iomchuí lena mbaineann mar thoradh ar na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna (a) agus (d) thuas; | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| Alt 22.1(g): an líon imscrúduithe agus imeachtaí ar oscail an Rialálaí Carthanas nó an duine forordaithe iad i mblianta roimhe i ndáil leis na héagóiritheoireachtaí iomchuí lena mbaineann agus atá fós ar oscailt; | Ceann ar bith | Ceann ar bith |

| **An Rialálaí Carthanas - Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta don Bhliain 2023** | **Inmheánach don Rialálaí Carthanas** | **Nochtadh Cosanta Seachtrach - An Rialálaí Carthanas mar 'dhuine forordaithe'** |
|---|---|---|
| Alt 22.1(h): an líon imscrúduithe agus imeachtaí ar dhún an Rialálaí Carthanas nó an duine forordaithe iad i ndáil leis na héagóiritheoireachtaí iomchuí lena mbaineann mar thoradh ar na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna (a) agus (d) thuas; | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| Alt 22.1(i): maidir le gach imscrúdú nó imeacht dúnta dá dtagraítear i mír (h), toradh an imscrúdaithe nó na n-imeachtaí agus an bhreith a thug an comhlacht poiblí nó an duine forordaithe; | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| Alt 22.1(j): i gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir a fhionnadh, an damáiste airgeadais measta agus na méideanna a gnóthaíodh tar éis aon imscrúdú agus aon imeachtaí dá dtagraítear i mír (h); | Ceann ar bith | Ceann ar bith |

**CRÍOCH**